An Roinn Oideachais agus Scileanna
Sráid Mhaoilbhríde
Baile Átha Cliath 1
D01 RC96

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

Department of Education and Skills
Marlborough Street
Dublin 1
D01 RC96

Ciorclán: 0055/2017

Chuig: Príomhoidí na Meánscoileanna, na bPobalscoileanna agus na Scoileanna Cuimsitheacha, Príomhoidí na Scoileanna de chuid Bord Oideachais agus Oiliúna, agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna.

Treoirlínte maidir le rochtain ar an gClár Iar-Ardteistiméireachta do rannpháirtithe áirithe sa phróiseas tearmainn don bhliain acadúil 2017/2018.

Tagraím do Chiorclán 0048/2015. Beifear ag leanúint leis na socruithe píolótacha do rochtain ar an gClár Iar-Ardteistiméireachta sa bhliain acadúil 2017/18 ar an mbonn seo a leanas do na trí ghrúpa ar leith dá dtagraítear sa Chiorclán (iarratasóirí ar thearmann, iarratasóirí ar chosaint choimhdeach, agus daoine a bhfuil cead cónaithe sealadach acu agus nach bhfuil ordú díbeartha eisithe ina leith go fóill):

- Maidir le hiarratasóirí sna trí ghrúpa sin:

  - ní mór go gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar iarratasóir ar chosaint nó ar dhuine a bhfuil cead cónaithe sealadach aige (seachas iad sin atá ag céim an ordaithe díbeartha);

  - ní mór go bhfuil an Ardteistiméireacht bainte amach acu;

  - ní mór gur glacadh iad ar chúrsa ceadaithe Iar-Ardteistiméireachta nó ar chúrsa ceadaithe fochéime;

  - ní mór go bhfuil cúig bliana acadúla ar a laghad curtha isteach acu i gcóras scoile na hÉireann amhail an 31 Lúnasa 2017; agus

  - ní mór go bhfuil siad mar chuid d'iarratas ar chosaint nó ar chead fanachta ar feadh tréimhse chomhcheangailte 5 bliana amhail an 31 Lúnasa 2017.

- Tá sonraí faoi incháilitheacht don scéim phíolótach speisialta tacaíochta, agus tuilleadh faisnéise faoi conas iarratas a dhéanamh, ar fáil ar shuíomh Gréasáin na Roinne: (http://www.education.ie/en/Learners/Services/Pilot-Support-Scheme/)

Phil O'Flaherty
Príomhoifigeach
An Rannán Breisoideachais agus Oiliúna
18 Lúnasa 2017